**Cuntas Leithreasa 2014**

# Vóta 16

# An Oifig Luachála

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 16, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas a ghabhann leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 ar thuarastail agus ar chostais na hOifige Luachála, agus mionseirbhísí áirithe.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasaithe 2014, lena n-áirítear an tsuim a d’fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €2.25 milliún dlite lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Ráiteas faoi na Beartais agus na Prionsabail Chuntasaíochta chomh maith le nótaí 1 go 6 ina gcuid den chuntas.

## Ráiteas faoi na Beartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa a chur ar fáil i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú.

## Ráiteas maidir le Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht maidir leis an gcóras um rialú inmheánach airgeadais***

Admhaím, mar Oifigeach Cuntasaíochta, an fhreagracht atá orm as a chinntiú go bhfeidhmíonn agus go gcothaíonn an Oifig Luachála córas éifeachtach um rialú inmheánach airgeadais. Feidhmím an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus m’fhreagrachtaí eile mar Cheann Oifige.  Ní féidir le haon chóras um rialú inmheánach airgeadais ach dearbhú réasúnta, agus ní dearbhú iomlán, a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí agus go seachnaítear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go dtabharfaí faoi deara iad go tráthúil.  Is próiseas leanúnach atá i gcothú an chórais um rialú inmheánach airgeadais agus déantar athbhreithniú rialta ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Timpeallacht um rialú airgeadais***

Dearbhaím go bhfuil timpeallacht rialúcháin i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid di

- tá freagrachtaí airgeadais sannta ar leibhéal bainistíochta agus cuntasachta dá réir i gceist
- tá socruithe tuairiscithe bunaithe ar gach leibhéal ina bhfuil freagracht sannta i gcomhair bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta bunaithe chun laigí suntasacha rialúcháin a thuairisciú agus chun beart ceartaitheach cuí a chinntiú
- tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid freagrachtaí as an gcóras um rialú inmheánach airgeadais.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Dearbhaím go bhfuil creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta, agus go háirithe go bhfuil

- córas cuí buiséadaithe ann le buiséad bliantúil a ndéanann an lucht bainistíochta sinsearaí athbhreithniú rialta air
- tá athbhreithnithe rialta á ndéanamh ag lucht bainistíochta sinsearaí ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcoinne réamhaisnéisí
- tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Oifig Luachála
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá treoirlínte rialaithe cuí d'infheistíocht chaipitiúil agus smachta foirmiúla um bainistíocht tionscadail ann
- cinntíonn an Oifig Luachála go bhfuil béim chuí á cur ar dhea-chleachtas ceannaigh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú.

***Iniúchadh Inmheánach***

Dearbhaím go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Oifig Luachála ina bhfuil pearsanra ag a bhfuil an oiliúint chuí, a fheidhmíonn de réir cairt scríofa atá ceadaithe agamsa. Cuirtear bonn eolais faoi le hanailís ar na rioscaí airgeadais atá os comhair na hOifige Luachála san áireamh agus é ag feidhmiú agus tá a phleananna inmheánacha bliantúla, arna gceadú agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé mar aidhm leis na pleananna seo na príomhrialúcháin a chlúdach go leanúnach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchúireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam chun a chinntiú go gcuirfear tuairiscí ón bhfeidhm iniúchta inmheánaigh i gcrích.

**John O'Sullivan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Oifig Luachála

30 Márta 2015

## Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuairisc le cur faoi bhráid Tithe an Oireachtais

## Vóta 16 An Oifig Luachála

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin ina Roinn/hOifig agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 16 An Oifig Luachála don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an Oifig Luachála**.** Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

14 Lúnasa 2015

# Vóta 16 An Oifig Luachála
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar chlár** | | | | |
| A | Soláthar seirbhís luachála Stáit | 9,345 | 7,863 | 8,181 |
| B | Seirbhísí riaracháin don Bhinse Luachála | 850 | 432 | 406 |
| | **Caiteachas comhlán** | **10,195** | **8,295** | **8,587** |
| | *Asbhain* | | | |
| C | **Leithreasaí i gcabhair** | **1,291** | **1,639** | **1,160** |
| | **Glanchaiteachas** | **8,904** | **6,656** | **7,427** |

**Barrachas le tabhairt suas**

Tá barrachas an mhéid a soláthraíodh thar an nglanmhéid a cuireadh i bhfeidhm le tabhairt suas don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas le tabhairt suas | 2,248,406 | 1,693,542 |

**Anailís ar na costais riaracháin**

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | 7,153 | 6,898 | 7,223 |
| ii | Taisteal agus cothú | 340 | 182 | 195 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | 219 | 270 | 223 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | 120 | 103 | 65 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | 650 | 475 | 489 |
| vi | Costais áitreabh oifige | 140 | 115 | 148 |
| vii | Seirbhísí comhairleoireachta, athbhreithnithe ar luach ar airgead agus athbhreithnithe | 100 | 11 | 32 |
| | | 8,722 | 8,054 | 8,375 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas maidir leis an gCostas Oibriúcháin 2014

| | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | Nóta | €000 | €000 | €000 |
| Costais an chláir | | | 241 | 212 |
| Pá | | | 6,898 | 7,223 |
| Neamh-phá | | | 1,156 | 1,152 |
| **Caiteachas Comhlán** | | | **8,295** | **8,587** |
| *Asbhain* | | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | | **1,639** | **1,160** |
| **Glanchaiteachas** | | | **6,656** | **7,427** |
| | | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | | |
| Ceannacháin airgid | | (38) | | |
| Dímheas | | 177 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | | 93 | | |
| | | | 232 | 90 |
| **Athruithe ar shócmhainní atá á bhforbairt** | | | | |
| Íocaíochtaí in airgead tirim | | | (161) | (121) |
| | | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | | (86) | | |
| Méadú ar stoc | | 4 | | |
| | | | (82) | 81 |
| **Caiteachas díreach** | | | **6,645** | **7,477** |
| | | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | | 4,492 | 4,642 |
| **Glanchostais an chláir** | | | **11,137** | **12,119** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí gaolmhara ná na suimeanna measta seo a leanas maidir le Vóta 16 atá á íocadh in áiteanna eile.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Vóta 12 Aoisliúntais agus Liúntais Scoir | 3,639 | 3,749 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | 853 | 893 |
| | **4,492** | **4,642** |

## 2 Clár Comhardaithe amhail 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Caipitil** | 2.2 | 449 | 519 |
| **Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt** | 2.3 | — | 8 |
| | | **449** | **527** |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Stoic | 2.5 | 39 | 43 |
| Réamhíocaíochtaí | | 105 | 82 |
| Ioncam fabhraithe | | 91 | 3 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 213 | 57 |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | 2.8 | 95 | 7 |
| **Sócmhainní Reatha Iomlána** | | **543** | **192** |
| **Lúide Dliteanais Reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.4 | 153 | (84) |
| Costais fhabhraithe | | 103 | 96 |
| Ioncam Iarchurtha | | 73 | 55 |
| Iarmhéideanna sochair eile | 2.7 | 155 | 148 |
| **Dliteanais Reatha Iomlána** | | **484** | **215** |
| **Glansócmhainní Reatha** | | **59** | **(23)** |
| **Glansócmhainní** | | **508** | **504** |
| **Léirithe ag** | | | |
| **Cuntas maoiniú Stáit** | 2.1 | **508** | **504** |

| **2.1 Cuntas Maoinithe Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail 1 Eanáir | | | 504 | 554 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 8,904 | | |
| Barrachas le tabhairt suas | Cuntas | (2,248) | | |
| Glanvóta | | | 6,656 | 7,427 |
| Caiteachas (airgead tirim) a íocadh in áiteanna eile | 1.1 | | 4,492 | 4,642 |
| Coigeartú sócmhainní seasta | | | (7) | — |
| Glanchostas an chláir | | | (11,137) | (12,119) |
| **Iarmhéid ag 31 Nollaig** | | | **508** | **504** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Troscán Oifige | Trealamh agus Feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Ollsócmhainní** | | | |
| Costas nó luacháil amhail 1 Eanáir 2014 | 2,803 | 1,211 | 4,014 |
| Coigeartú[a] | (2) | (1) | (3) |
| Breiseanna | 196 | 3 | 199 |
| Diúscairtí | (1,314) | (95) | (1,409) |
| Costas nó luacháil amhail 31 Nollaig 2014 | 1,683 | 1,118 | 2,801 |
| **Dímheas Carntha** | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail 1 Eanáir 2014 | 2,364 | 1,131 | 3,495 |
| Coigeartú | (3) | (1) | (4) |
| Dímheas don bhliain | 165 | 12 | 177 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (1,222) | (94) | (1,316) |
| Dímheas carnach amhail 31 Nollaig 2014 | 1,304 | 1,048 | 2,352 |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2014** | **379** | **70** | **449** |
| **Glansócmhainní amhail 31 Nollaig 2013** | **439** | **80** | **519** |

[a] Eascraíonn an coigeartú ó réiteach deiridh cuntas thaifid na sócmhainni seasta le mórleabhar ginearálta na hOifige.

**2.3 Sócmhainní Caipitil atá á bhforbairt**

| amhail 31 Nollaig | Feidhmchláir ríomhaireachta intí |
|---|---|
| | €000 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 1 Eanáir 2014 | 8 |
| Díscríofa[a] | (8) |
| Aistrithe chuig sócmhainní caipitil | (161) |
| Íocaíochtaí in airgead tirim don bhliain | 161 |
| Suimeanna tugtha ar aghaidh amhail 31 Nollaig 2014 | — |

[a] Baineann an díscríobh le hobair fhorbartha i 2013 a ndeachaigh feabhsúcháin 2014 ina n-ionad a ionchorpraíonn a bhfeidhmiúlacht.

| **2.4 Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Iarmhéideanna agus airgead tirim Oifig an Phámháistir Ghinearálta | (171) | 75 |
| Iarmhéid cuntas bainc tráchtála | 18 | 9 |
| | (153) | 84 |

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Stoic inchaite na hOifige Luachála | 39 | 43 |
| | 39 | 43 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| Scéim pasanna taistil inaisíoctha | 54 | 57 |
| Oifig na nOibreacha Poiblí inaisíoctha réamhchistiú | 16 | — |
| Roimh ré párolla | 143 | — |
| | 213 | 57 |

| **2.7 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| **Méideanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin Ioncaim | 105 | 105 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasa | 44 | 38 |
| CBL | — | 1 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 6 | 4 |
| | 155 | 148 |
| Asbhaintí den phárolla arna gcoinneáil ar fionraí | — | — |
| | 155 | 148 |

| **2.8 An Glanchistiú Státchiste atá le híoc** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le tabhairt suas | 2,248 | 1,694 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (2,343) | (1,701) |
| An glanchistiú Státchiste atá le híoc | (95) | (7) |
| | | |
| **Arna léiriú le** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | — | 84 |
| Iarmhéideanna dochair: ar fionraí | 213 | 57 |
| | 213 | 141 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | (153) | — |
| Dlite don Stát | (155) | (148) |
| Iarmhéideanna sochair: ar fionraí | — | — |
| | (308) | (148) |
| | | |
| | (95) | (7) |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iomlán na gceangaltas infhorghníomhaithe le dlí | 74 | 191 |

## 3 Caiteachas ar an gClár de réir Fotheidil

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar meastacháin | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 |
| **A** | **Soláthar na Seirbhíse Luachála Stáit** | | | |
| A.1 | Riarachán - pá | 6,703 | 6,661 | 6,984 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | 1,569 | 1,156 | 1,153 |
| A.3 | Táillí a íocadh le habhcóidí agus costais dlí eile | 73 | 46 | 44 |
| A.4 | Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | — | — |
| | | 9,345 | 7,863 | 8,181 |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir leis an gClár €1.48 milliún ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Tharla sé sin i ngeall ar an méid seo a leanas go príomha.

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 413 | Bhí an toradh maidir le 2014 I gcuid mhór de na fortheidil neamhphá ní b'ísle ná mar thoradh go páirteach ar an éifeachtúlacht a fuarthas agus mar thoradh go den chlár náisiúnta athluachála a bheith dírithe ar achomhairc chuig an gCoimisinéir I dtaca le ceantar Chathair Baile átha Cliath le linn na bliana, a raibh coigiltis ar chostais taistil agus chothaithe go sonrach mar thoradh air úra a bhraitheann ar athrú reachtaíochta a chur siar. Coinníodh an caiteachas ar chomhairleoireacht chomh íseal agus ab fhéidir le linn coigiltis shuntasacha san fhotheideal seo mar thoradh air. |
| Tionscadail náisiúnta athluachála | 1,000 | Bhí caiteachas ar thionscadail náisiúnta athluachála ar leith in 2014 ag brath ar achtú reachtaíocht chumasúcháin nár achtaíodh le linn na bliana. Tá an soláthar curtha san áireamh arís i meastachán 2015. |

| | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **B** | **Seirbhísí Riaracháin don Bhinse Luachála** | | | |
| B.1 | Riarachán - pá | 450 | 237 | 238 |
| B.2 | Binse Luachála | 400 | 195 | 168 |
| | | 850 | 432 | 406 |

**Athrúcháin shuntasacha**

San iomlán, bhí an caiteachas maidir leis an gClár B €418,000 ní b'ísle ná an méid ar soláthraíodh ina leith. Tharla sé sin i ngeall ar an méid seo a leanas go príomha:

| Cur síos | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim a soláthraíodh €000 | Míniú |
|---|---|---|
| Riarachán - pá | 213 | Níor cuireadh tús le hoibreacha ar na hachomhairc chuig an mBinse i dtaca le hathluacháil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Chathair agus Chontae Phort Láirge go dtí ráithe dheireanach na bliana. Rinneadh socrú chun foireann a fhostú ar bhonn sealadach in oirchill líon mór achomharc. Bhí líon na n-achomharc ní b'ísle ná mar a rabhthas ag súil leis, mar gheall ar laghdú sa chlár athbhreithnithe, agus dá bharr sin ní raibh a oiread baill foirne de dhíth. Níor fostaíodh na baill foirne bhreise sin go dtí Deireadh Fómhair/Samhain 2014. |
| Binse Luachála | 205 | Mar gheall ar an gcomhdhíriú iarrachta san Oifig Luachála ar Athluacháil Chathair Bhaile Átha Cliath agus Phort Láirge i 2013 agus mar gheall ar Achomhairc ina dhiaidh sin don Choimisinéir go luath i 2014, a raibh de thoradh orthu seirbhís laghdaithe Athbhreithnithe do na hÚdaráis Áitiúla, bhí laghdú le sonrú dá bharr sin i líon na n-achomharc don Bhinse Luachála i dtaca le cásanna athbhreithnithe i 2014. Bhí de thoradh air sin coigiltis maidir le táillí na mball agus na costais ghaolmhara. |

## 4 Fáltais

| 4.1 Leithreasaí i gcabhair | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|
| | | Measta | Réadaithe | Réadaithe |
| | | €000 | €000 | €000 |
| 1. | Táillí achomhairc leis an mBinse Luachála | 60 | 232 | 6 |
| 2. | Deimhnithe luachála | 158 | 118 | 130 |
| 3. | Táillí athbhreithnithe luachála | 600 | 612 | 483 |
| 4. | Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | — | 258 | 32 |
| 5. | Fáltais ilghnéitheacha | 65 | 10 | 63 |
| 6. | Fáltais ó asbhaint a bhain le pinsean ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 408 | 409 | 446 |
| | Iomlán | 1,291 | 1,639 | 1,160 |

**Míniú ar athrúcháin shuntasacha**

Tugtar míniú thíos maidir le gach mírcheann a raibh an toradh a bhain leis os cionn €100,000 níos mó nó níos lú ná an tsuim mheasta, agus os cionn 5% amach ón tsuim mheasta.

| Mírcheann | Níos lú/(níos mó) ná an tsuim mheasta | Míniú |
|---|---|---|
| Táillí achomhairc leis an mBinse Luachála | (172) | Fuarthas fáltais i dtaca le táillí achomhairc leis an mBinse Luachála maidir le líon gan choinne d’achomhairc um binse luachála a bhain le hathluacháil cheantair chomhairle cathrach Bhaile Átha Cliath agus Phort Láirge, i ráithe dheireanach 2014. Tá sé deacair an líon achomharc a gheofar a mheas cruinn. |
| Táillí ó achomhairc chuig an gCoimisinéir | (258) | Tá foráil maidir leis an achomharc chuig an gCoimisinéir a dhíothú san áireamh i reachtaíocht um luacháil, a rabhthas ag súil lena hachtú le linn 2014. Dá réir sin ní dhearnadh foráil ar bith chun atáillí a fháil le haghaidh na n-achomharc sin. Táthar ag súil leis an reachtaíocht seo a achtú in 2015. |

# 5 Líon Fostaithe agus Pá

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon na mball foirne** (coibhéisí lánaimseartha) **ag deireadh na bliana** | 120 | 125 |

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Pá | 6,330 | 6,647 |
| Liúntais i leith ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 153 | 120 |
| Ragobair | 10 | 24 |
| ÁSPC Fostóra | 405 | 432 |
| **Pá iomlán** | **6,898** | **7,223** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | Uasíocaíocht le duine ar leith 2014 € | Uasíocaíocht le duine ar leith 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 28 | 2 | 33,452 | 24,403 |
| Ragobair agus tinreamh breise | 4 | — | 5,260 | 9,109 |

Notá: Fuair daoine aonair áirithe luach saothair breise i níos mó ná catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Luach Saothair eile**

Rinneadh íocaíochtaí arbh fhiú €4,125 iad le státseirbhísigh a bhí ar scor ach a bhí fostaithe ar conradh chun tascanna speisialaithe a chur i gcrích.

# 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Méideanna díscríofa

Méideanna seo a dhíscríobh le linn na bliana:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéid chuntais curtha ar fionraí maidir le cáin ioncaim | — | 4 |
| Táillí nár íocadh atá dlite ó údaráis áitiúla | — | 4 |
| | — | 8 |

### 6.2 Costais Dhlíthiúla

Tá costais dhlíthiúla a íocadh le linn na bliana rangaítear mar a leanas:

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Costais um chúiteamh | 46 | 44 |
| | 46 | 44 |

### 6.3 Cumasc

Mar chuid den Chlár um Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí, rinneadh cinneadh Rialtais an 31 Deireadh Fómhair 2012 go rachfaí chun cinn le cumasc na hOifige Luachála, Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann agus an Údaráis Clárúcháin Maoine. Ceapadh an Príomhfheidhmeannach Ainmnithe don eagraíocht úr an 1 Iúil 2013 agus tá sé ag obair ó shin i dtreo plean mionsonraithe a fhorbairt chun an t-aonán úr, a bhfuil sé beartaithe Tailte Éireann a thabhairt air, a bhunú. Faoi réir an reachtaíocht riachtanach a rith, beidh bord reachtúil ag struchtúr rialaithe Thailte Éireann. Beidh oifigeach reachtúil i gceannas ar gach príomhfheidhm de chuid Thailte Éireann (clárú, luacháil agus suirbhéanna). Tabharfaidh an t-oifigeach sin tuairisc don Phríomhfheidhmeannach agus tabharfaidh an Príomhfheidhmeannach tuairisc ansin don Bhord. Státseirbhísigh a bheidh i bhfoireann na heagraíochta úir agus maoineofar an eagraíocht trí struchtúr Vóta. Ní mheastar go mbeidh tionchar ag an gcumasc ar luach tugtha anonn shocmhainní nó dhliteanais na hOifige Luachála.